

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2017

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Fisic agus Ceimic

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

FISIC AGUS CEIMIC – ARDLEIBHÉAL

Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt chun aire i ndáil leis an scéim mharcála seo.

1. I gcásanna go leor, ní luaitear ach na focail bhuntábhachtacha, i.e. focail nach mór iad a bheith ina gcomhthéacs ceart i bhfreagra an iarrthóra go ngnóthófaí na marcanna a luaitear leo.
2. Is ionann na marcanna a luaitear idir lúibíní agus na marcanna a bhronntar ar fhreagraí neamhiomlána faoi mar a shonraítear sa scéim.
3. Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon.
4. Freagraí a dheighltear óna chéile le soladas dubailte, //, is freagraí iad sin atá comheisiach. Ní féidir freagra neamhiomlán ó thaobh amháin den // a thabhairt san áireamh le freagra neamhiomlán ón taobh eile.
5. **Níl** na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Is féidir marcanna i ndáil le cur síos a ghnóthú as léaráid oiriúnach, ag brath ar an gcomhthéacs.
6. Sa chás go luaitear sin, baintear aon mharc amháin i ndáil leis na haonaid mhíchearta a úsáid nó gan aon aonad a lua.
7. Gach uair dá dtarlaíonn botún uimhríochta sa ríomh, baintear aon mharc amháin.
8. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.
9. Is de réir chomhthéacs na ceiste agus na caoi a gcuirtear í agus an líon marcanna a chuirtear i leith an fhreagra ar an scrúdpháipéar a shocraítear an leibhéal mioneolais atá de dhíth le ceist ar bith. Tharlódh dá bhrí sin go mbeadh athrú ó bhliain go bliain i gcás ar bith faoi leith.
10. Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána. Agus an bónas sin á ríomh slánaítear síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, e.g. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, etc. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le hiarrthóirí a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos mó ná 75% de na marcanna iomlána.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

400@10%

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthrata a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin a **shlánú síos**.

Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthrata an bhónais.

Bain úsáid as an ghnáthrata i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
301 - 303	29
304 - 306	28
307 - 310	27
311 - 313	26
314 - 316	25
317 - 320	24
321 - 323	23
324 - 326	22
327 - 330	21
331 - 333	20
334 - 336	19
337 - 340	18
341 - 343	17
344 - 346	16
347 - 350	15

Bunmharc	Marc Bónais
351 - 353	14
354 - 356	13
357 - 360	12
361 - 363	11
364 - 366	10
367 - 370	9
371 - 373	8
374 - 376	7
377 - 380	6
381 - 383	5
384 - 386	4
387 - 390	3
391 - 393	2
394 - 396	1
397 - 400	0

Ceist 1**Aon mhír déag ar bith****11×6****(a) Breac síos *prionsabal imchoimeád an mhóimintim*.****2×3**

(i gcóras réad imbhuailte) nuair nach bhfeidhmíonn fórsa seachtrach ar bith bíonn an móiminteam iomlán //
 (i gcóras réad imbhuailte) nuair nach bhfeidhmíonn fórsa seachtrach ar bith bíonn an móiminteam iomlán roimh imbhuailtadh //

(i gcóras réad imbhuailte) nuair nach bhfeidhmíonn fórsa seachtrach ar bith tá $m_1u_1 + m_2u_2 =$...3
 tairiseach //

cothrom leis an móiminteam iomlán ina dhiaidh //

$m_1v_1 + m_2v_2 / (m_1 + m_2)v$...3

[nuair nach bhfeidhmíonn aon fhórsa seachtrach fágtha ar lár (–1)]

(b) Sainmhínigh obair.**2×3**

an pointe ar a gcuirtear fórsa i bhfeidhm / $F \times s$...3

gluaiseann sé i dtreo an fhórsa / míniú ar F agus s ...3

[Ceadai (3) as sainmhíniú ar ghiúl mar mhéadar níútan amháin]

(c) Is graf í Fíor 1 de ghluaisne ainmí agus é ar chonair dhíreach chothrománach.

(i) Cé acu dhá phointe de O, A, B agus C sa ghraf a bhfuil an t-ainmí ag gluaiseacht eatarthu ar luas aonfhoirmeach i dtreo an túsphointe? **3**

B agus C ...3

(ii) Cén luas é seo? **3**

$\frac{200}{4} = 50 \{ (m \text{ in aghaidh an nóiméid}) \} / \frac{200}{240} = 0.833 \{ (m \text{ in aghaidh an tsoicind} / m/s) \}$...3

(d) Breac síos dlí athraonta Snell.**2×3**

tá an tsín-uillinn ionsaithe i gcomhréir // $\sin i \propto$ // cóimheas sín-uillinne ionsaithe leis an

tsín-uillinn athraonta // $\frac{\sin i}{\sin r}$...3

an tsín-uillinne athraonta // $\sin r$ // tairiseach // $= k$ nó n nó μ ...3

[fritichaitheamh seachas athraonadh (–3)] [síneacha fágtha ar lár (–3)]

(e) Cén téarma a úsáidtear ar scoilteadh an tsolais bháin ina chomhdhathanna nuair a ghabhann sé trí phriosma? **2×3**

spré ...3

Cén fáth a dtarlaíonn an feiniméan seo?

tá luasanna difriúla ag dathanna i bpriosma / tá séana athraonta difriúla ag dathanna / tá tonnfhaid dhifriúla ag dathanna / athraontar dathanna nó tonnfhaid dhifriúla méideanna difriúla (sa phriosma) ...3

(f) Is samplaí d'fhadtonnta iad na tonnta ultrafhuaime a úsáidtear i scrúduithe réamhbhreithe, mar a thaispeántar i bhFíor 2. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi. **2×3**

tá (treo) gluaiseacht nó ascalú nó suaitheadh cáithníní comhthreomhar ...3

le treo (gluaiseachta) toinne nó fuinnimh ...3

[eolas ar fáil ó léaráid lipéadaithe]

(g) Cad é an t-ainm ginearálta ar airí a athraíonn go hintomhaiste de réir mar a athraíonn an teocht? **3**

teirmiméadrach ...3

Cén t-airí dá leithéid sin a úsáidtear i ngásteirmiméadar toirt-tairiseach? **3**

brú ...3

(h) Ríomh léamh na teochta ar scála Celsius nuair is é airde an leachta i dteirmiméadar leachta i ngloine ná 12 cm; bhí airdí de 4 cm agus 20 cm faoi seach ag an leacht nuair a cuireadh in oighearuisce é agus i ngal lastuas d'uisce fiuchaidh.

2×3

$$\theta = \frac{Y_{\theta} - Y_0}{Y_{100} - Y_0} \times 100$$

...3

$$(\theta = \frac{12 - 4}{20 - 4} \times 100) = 50 (^{\circ}\text{C})$$

...3

(i) Cad iad na pointí fosaithe (pointí tagartha) ar scála teochta Kelvin?

2×3

dearbhnialas / 0 ceilvin / -273.15°C / 0 K

...3

tríphointe uisce / 273.16 K / nuair atá oighear, uisce agus gal in éindí / 0.01°C

...3

[má thugtar -273°C , 273 K, 0°C bain (-1)]

(j) De bharr splanc thintrí le linn stoirm thoirní, tharla lucht 300 C ag sreabhadh i seoltóir tintrí in am 2.5×10^{-3} s. Ríomh an meánsruth sa seoltóir.

2×3

$$Q = I \times t$$

...3

$$(I = \frac{Q}{t} = \frac{300}{2.5 \times 10^{-3}} =) 120000 \text{ or } 1.2 \times 10^5 \text{ (A)}$$

...3

(k) Mínigh conas a thugann fiús cosaint do chiorcad leictreach.

6

leánn nó briseann (nuair a sháraíonn an sruth luach faoi leith)

...6

(l) Déan cóip d'Fhíor 3 agus tarraing sceitse de phatrún an réimse mhaighnéadaigh thart ar an solanóideach nuair a dhúntar an lasc.


2×3

treolínthe réimse mhaighnéadaigh ceart


...3

an treo ceart

...3



Fíor 3



Fíor 3 críochnaithe

(m) Cad is brí le hionduchtú leictreamaighnéadach?

2×3

táirgeadh flg nó srutha


...3

nuair atá gluaisne (choibhneasta) idir seoltóir agus réimse maighnéadach

...3

(n) Cén fáth a bhfeadh teochtaí an-ard, mar a fhaightear i gcroíleacán na gréine, ag teastáil chun go dtarlódh an t-imoibriú núicléach seo a leanas?

2×3



chun éaradh (leictreastatach) núicléas a shárú / chun fuinnimh (chinéiteacha) an-mhór a thabhairt do núicléis atá ag imbhualladh

...3

Cén t-ainm a thugtar ar imoibriú núicléach den saghas seo?

comhleá

...3

(o) Is é an fuinneamh a scaoiltear in imoibriú núicléach ná 8.1×10^{-15} J.

Ríomh an caillteanas maise atá i gceist.

2×3

$$E = m \times c^2$$

...3

$$(m = \frac{E}{c^2} = \frac{8.1 \times 10^{-15}}{(3 \times 10^8)^2} =) 9 \times 10^{-32} \text{ (kg)}$$

...3

Ceist 2

(a) Breac síos *dara dlí gluaisne Newton*.

2×3

ráta athraithe an mhóimintim / $\frac{m(v-u)}{t}$ / $\frac{mv-mu}{t}$ / ma // kma

...3

i gcomhréir le fórsa feidhmithe / $\propto F$ // $= F$

...3

[$F = ma$... (3)]

Sainmhínigh aonad an fhórsa, i.e. an niútan.

2×3

an fórsa a thugann ar mhais aon chileagram / $m = 1 \text{ kg}$

...3

luasghéarú faoi 1 mhéadar amháin in aghaidh an tsoicind in aghaidh an tsoicind nó ag 1 m s^{-2} /

$a = 1 \text{ m s}^{-2}$

...3

- (b) Mar chuid de thurgnamh chun dara dlí Newton a fhiosrú, feidhmíodh fórsa tairiseach F ar shraith de mhaiseanna difriúla m agus tomhaiseadh na luasghéaruithe comhfhreagracha a . Fuarthas na torthaí seo a leanas.

$a \text{ (m s}^{-2}\text{)}$	0.75	0.86	1.0	1.2	1.5	2.0
$m \text{ (kg)}$	4.0	3.5	3.0	2.5	2.0	1.5
$1/m \text{ (kg}^{-1}\text{)}$	0.25					

- (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de ghairias a úsáideadh chun na sonraí seo a fháil.

3×3

tralaí ar rian claonta / tralaí ar rian aeir

...3

ceangailte le sreang thar ulóg de mheáchain nó lingmheátán

...3

uainiú trí leas a bhaint as amadóir (téip) thiceála, geataí solais, rian púdair, amadóir fál cuailí, etc.

...3


[gan lipéid...(-3)]

[téip thiceála in ionad amadóir (téip) thiceála ...(-1)][gan fána ...(-1)][gan ulóg ...(-1)]

- (ii) Ríomh na luachanna ar $1/m$ atá in easnamh agus tarraing graf de a in aghaidh $1/m$ (x-ais).

5×3

$a \text{ (m s}^{-2}\text{)}$	0.75	0.86	1.0	1.2	1.5	2.0
$m \text{ (kg)}$	4.0	3.5	3.0	2.5	2.0	1.5
$1/m \text{ (kg}^{-1}\text{)}$	0.25	0.29	0.33	0.4	0.5	0.67



ríomh mais inbhéartach le haghaidh gach luach [gearr pionós as earráidí slánaithe uair amháin anseo]	...3
aiseanna lipéadaithe i gceart	...3
aiseanna tarraingthe leis na scálaí cuí	...3
sé phointe breactha i gceart	...3
líne dhíreach trí na pointí sin	...3
[glac aiseanna aisiompaithe]	
[(12) mharc ar a mhéad mura n-úsáidtear grafpháipéar]	
(iii) Úsáid do ghraf le teacht ar an bhfórsa tairiseach F a feidhmíodh ar gach mais.	2×3
$\frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{1.25}{0.42}$	...3
2.9 – 3.1 n(iútan) nó 2.9 – 3.1 N	...3
[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (–1)]	
(iv) Cén mhais a mbeadh luasghéarú 1.4 m s^{-2} aici faoin bhfórsa seo?	2×3
$F = ma / m = \frac{F}{a} // \frac{1}{m} = 0.47$	...3
2.14 kg // $\Rightarrow m = 2.13 \text{ kg}$	...3
[is féidir an freagra a fháil ag úsáid $F = ma$ nó ón ngraf]	
[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (–1)]	
(v) Mínigh conas a fhíoraíonn do ghraf dara dlí Newton.	2, 1
líne dhíreach ar an ngraf	..2
tríd an mbunphointe	...1
(c) I bhFíor 4 taispeántar drón, ar mais dó 1.2 kg agus é ar airde 65 m, agus tá treoluas cothrománach i líne dhíreach aige de 18 m s^{-1}. Úsáidtear a mhótair chun a ghluaisne a rialú.	
Ríomh	
(i) an fórsa cothrománach a fheidhmíonn na mótair chun a threoluas a ísliú go nialas in 2 s,	3×3
$v = u + at / 0 = 18 + 2a$	...3
$a = -9 \text{ (m s}^{-2}\text{)} / a = 9 \text{ (m s}^{-2}\text{)}$	...3
$(F = ma =) 1.2 \times 9 = 10.8 \text{ N(iútan)}$	...3
[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (–1)]	
(ii) an fórsa ceartingearach a fheidhmíonn na mótair chun é a chosc ar thitim,	3
$(F = mg =) 1.2 \times 9.8 = 11.76 \text{ N(iútan)}$	...3
[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (–1)]	
(iii) fuinneamh poitéinsiúil an dróin toisc é a bheith 65 m os cionn na talún.	3
$(E = mgh =) 1.2 \times 9.8 \times 65 = 764.4 \text{ J}$	...3
[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (–1)]	

Ceist 3

(a) Breac síos dlíthe fhrithchaitheamh an tsolais.

2×3

tá an uillinn ionsaithe cothrom leis an uillinn fhrithchaitheamh / $i = r$

...3

bíonn an ga ionsaitheach, an ga fhrithchaite agus an normal suite ar an bplána céanna nó ar phlána amháin

...3

[athraonadh seachas fhrithchaitheamh ... (3), uair amháin] [míniú ar i agus r fágtha ar lár (-1)]

(b) Le cabhair léaráide, déan cur síos ar thurgnamh chun ceann amháin de na dlíthe seo a fhíorú. **4×3**

scáthán plánach, bosca gathanna nó bioráin, uillinntomhas, páipéar /

dhá bhiorán chun ga ionsaitheach nó ga ón mbosca gathanna ag bualadh an scátháin ag uillinn a léiriú /

faigh nó tarraing ga fhrithchaite /

tarraing normal /

tomhas uillinneacha ionsaitheacha agus fhrithchaite /

déan arís

ceithre cinn ar bith ...4×3

[is féidir marcanna a bhronnadh as faisnéis a thugtar i léaráid]

nó

scáthán plánach, bosca gathanna nó bioráin, uillinntomhas, páipéar /

dhá bhiorán chun ga ionsaitheach nó ga ón mbosca gathanna ag bualadh an scátháin ag uillinn a léiriú feadh

phlána an pháipéir /

faigh ga fhrithchaite feadh phlána an pháipéir /

tarraing normal feadh phlána an pháipéir /

tuairiscigh go bhfuil ga ionsaitheach, normal agus ga fhrithchaite ar an bplána céanna

ceithre cinn ar bith ...4×3

[is féidir marcanna a bhronnadh as faisnéis a thugtar i léaráid]

(c) Idirdhealaigh idir fíoríomhá agus íomhá fhíorúil i dtéarmaí gathanna solais.

6

cruthaíonn trasnú (iarmhír) gathanna solais fíor-íomhá /

cruthaíonn trasnú dealraitheach gathanna solais íomhá fhíorúil / cruthaítear íomhá fhíorúil san áit a

dtrasnaíonn gathanna solais a chéile de réir dealraimh

...6

[cruthaítear fíor-íomhá ar scáileán, ní féidir íomhá fhíorúil a chruthú ar scáileán ... (3)]

(d) Cén gaol atá idir an fad fócasach f agus ga na cuaire c ag scáthán sféarúil?

3


tá leath gha na cuaire cothrom leis an bhfad fócasach / tá dhá fhad fhócasacha cothrom le ga na cuaire /

$c = 2f$

...3

(e) Tarraing ga-léaráid chun foirmiú na híomhá i scáthán dronnach a thaispeáint.

3×3



réad os comhair scáthán dronnach

...3

fhrithchaitear an chéad gha i gceart

...3

fhrithchaitear an dara ga i gceart, íomhá cheartseasmhach taobh thiar den scáthán

...3

Luaigh dhá airí ag na híomhánna fíorúla a chruthaítear i scáthán dronnach.

2×3

ceartseasmhach / laghdaithe / aisiompaithe go cliathánach / taobh thiar den scáthán

dhá cheann ar bith ...2×3

(f) Tagraíonn an tábla thíos do dhá scáthán sféarúla A agus B.

	Fad na frithne, u (cm)	Fad na híomhá, v (cm)	Formhéadú, v/u	Fad fócasach, f (cm)	Nádúr na híomhá
Scáthán A	7	-4.2			fíorúil
Scáthán B	5		-6		fíorúil

Ríomh

(i) an formhéadú a dhéanann scáthán A,

3

$$(m = \frac{v}{u} = \frac{\pm 4.2}{7} =) -0.6 \text{ nó } 0.6$$

...3

(ii) an fad fócasach ag scáthán A.

2×3

$$\frac{1}{f} = \frac{1}{u} + \frac{1}{v} / \frac{1}{f} = \frac{1}{7} + \frac{1}{-4.2} = \frac{-2}{21}$$

...3

-10.5 cm

...3

[úsáid +4.2 (-1)]

Ríomh

(iii) fad na híomhá ó scáthán B,

3

$$(m = \frac{v}{u} / -6 = \frac{v}{5} \Rightarrow v =) -30 \text{ cm} / (\text{fad na híomhá} =) 30 \text{ cm}$$

...3

(iv) , an fad fócasach ag scáthán B.

2×3

$$\frac{1}{f} = \frac{1}{u} + \frac{1}{v} / \frac{1}{f} = \frac{1}{5} + \frac{1}{-30} = \frac{1}{6}$$

...3

6 cm

...3

[úsáid +30 (-1)]

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart ...(-1) ach uair amháin in (ii), (iii) agus (iv)]

Cé acu den dá scáthán ar scáthán dronnach é?

3

A

...3

Tabhair cúis le do fhreagra.

3

(tá) fad fócasach diúltach (ag A) / (táirgeann A) íomhá laghdaithe /

táirgeann B íomhá formhéadaithe / tá fad fócasach deimhneach ag B

...3

Ceist 4

(a) Na sonraí a fuarthas i dturgnamh chun dlí Boyle a fhíorú, baineadh úsáid astu chun an graf, a thaispeántar i bhFíor 5, a tharraingt.

(i) Tarraing léaráid lipéadaithe de ghaireas a úsáideadh chun an turgnamh seo a dhéanamh. 3×3
toirt sheasta gáis léirithe sa léaráid (i steallaire nó 'gaireas dhlí Boyle', etc) ...3
scála chun an toirt a léamh léirithe ...3
brúthomhsaire / gléas chun brú a léamh ...3
[gan lipéad ...(-3)]

(ii) Cad iad na tomhais a rinneadh leis an ngaireas seo? 3
brú agus toirt (gáis) ...3
[is féidir marcanna a ghnóthú as léaráid][(-1) mura dtugtar ach p nó V]

(iii) Cén dá choinníoll a coimeádadh tairiseach le linn an turgnaimh seo? 2×3
teocht ...3
mais gáis ...3

(iv) Bain úsáid as an ngraf chun toirt an gháis a fháil nuair a bhí brú 150 kPa ann. 2×3
 $\frac{1}{V} = 0.05$...3
 $V = 20 \text{ cm}^3$...3
[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(v) Is féidir dlí Boyle a léiriú leis an gcothromóid $pV = k$, áit ar tairiseach é k . 3
Conas a fhíoraíonn an graf dlí Boyle? ...3
líne dhíreach tríd an mbunphointe

Bain úsáid as an ngraf chun luach k a fháil. 2×3
 $k = m / k = \text{fána} / k = \frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1}$...3
 $(k = m = \frac{150}{0.05}) = 3000 \text{ kPa cm}^3 = 3000000 \text{ Pa cm}^3 = 3 \text{ Pa m}^3$...3
[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(b) (i) Déan cur síos ar ghluaisne de Brún. 3×3
(gluaisne) mhear / randamach nó chorr / fiarlán nó líne dhíreach dhá cheann ar bith...2×3
cáithníní beaga nó cáithníní ar fuaidreamh nó cáithníní ainmnithe i ngás nó i leacht ...3
[sampla amháin ...(-3)]

Mínigh conas a chuireann sí fianaise ar fáil do theoiric chinéiteach na ngás. 3
léiríonn (imbhuailte cáithníní ar fuaidreamh) an chaoi a mbogann móilíní gáis nó leachta (iad féin) ...3

(ii) Cén théarma a thugtar ar ghás a ghéilleann do bhoinn tuisceana uile theoiric chinéiteach na ngás, ag gach teocht agus gach brú? 3
(gás) idéalach ...3

Breac síos dhá cheann de na boinn tuisceana seo.

2×3

líon mór cáithníní nó móilíní / gluaisne mhear / gluaisne randamach / gluaisne dhronlíne / imbhuailtí idir cáithníní nó móilíní / tarlaíonn imbhuailtí faoi bhallaí an choimeádáin / imbhuailtí leaisteacha nó ní bhaineann caillteanas ná gnóthachan fuinnimh leo / toirt dhiomaibhseach ina bhfuil cáithníní nó móilíní / achar diomaibhseach na n-imbhuailtí / níl aon idirghníomhú idir cáithníní ach amháin le linn na n-imbhuailtí, etc.

dhá cheann ar bith...2×3

(c) Ríomh líon na mól de ghás héiliam i mbalún mór scragaill, a teannadh go dtí toirt 0.072 m³ ag brú 1.05×10^5 Pa agus gnáth-theocht seomra 20 °C.

3×3

$$PV = nRT$$

...3

$$1.05 \times 10^5 \times 0.072 = n \times 8.31 \times 293$$

...3

$$n = 3.1(1) \text{ (mól)}$$

...3

D'éalaigh gás héiliam as an mbalún scragaill le himeacht ama.

Cé mhéad mól de ghás a bhí fágtha sa balún nuair a bhí an toirt theannta laghdaithe go 0.018 m³ ag an teocht céanna agus ag brú 1.03×10^5 Pa?

3

$$1.03 \times 10^5 \times 0.018 \div 8.31 \times 293 = 0.76 \text{ (mól)}$$

...3

Ceist 5**(a) (i) Sainmhínigh an t-aonad srutha, i.e. an t-aimpéar.****3×3**sruth ag sreabhadh in dhá shreang *fhada, thanaí*

...3

1 m óna chéile *i bhfolús*

...3

nuair is ionann an fórsa a fheidhmíonn siad ar a chéile agus $2 \times 10^{-7} \text{ N m}^{-1}$

...3

[(-1) as gach frása i gcló iodálach a fhágtar ar lár]

(ii) Breac síos dlí Ohm.**2×3**ag teocht thairiseach tá sruth i gcomhréir le nó $I \propto V$ // ag teocht thairiseach tá an difríocht poitéinsili gcomhréir le nó $V \propto I$ // ag teocht thairiseach $V =$

...3

difríocht poitéinsil nó V // sruth nó I // IR

...3

[ag teocht thairiseach fágtha ar lár ...(-1)]

(iii) Iarmhairt fhéideartha amháin de shruth leictreach is ea téamh.**Cad iad an dá cheann eile?****2×3**

ceimiceach

...3

maighnéadach

...3

(iv) Rangaigh gach ceann díobh seo a leanas ó thaobh aschur srutha dhírigh (s.d.) nó aschur srutha ailtéarnaigh (s.a.) a bheith aige:**ceallra****claochladán****luchtair ceallra****3×2**

ceallra = díreach

...2

luchtair ceallra = díreach

...2

claochladán = ailtéarnach

...2

(b) Is féidir na poirt USB ar ríomhairí a úsáid mar ‘fhoinsí’ cumhachta chun sruthanna beaga leictreachais a chur ar fáil le hagaidh giuirléidí éagsúla ina bhfuil mótair nó eilimintí téimh, nó chun ceallraí i bhfóin, etc., a luchtú. Cuireann USB sruth 0.5 A ag 5 V ar fáil chuig an eilimint téimh i dtéitheoir mion-teophláta, mar an ceann a thaispeántar i bhFíor 6.**Ríomh****(i) friotaíocht na heiliminte téimh,****2×3**

$$V = IR \quad \frac{V}{I} = R \quad \frac{V}{R} = I$$

...3

$$(R = \frac{5}{0.5} =) 10 \, \Omega$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(ii) grádú cumhachta an téitheora,**2×3**

$$P = VI \quad 5 \times 0.5$$

...3

$$(P =) 2.5 \text{ W}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(iii) an fuinneamh téimh a chuirtear ar fáil nuair atá an téitheoir ar siúl ar feadh 20 nóiméad**2×3**

$$H = VIt \quad H = RI^2t = 5 \times 0.5 \times 20 \times 60 / 10 \times (0.5 \times 0.5) 20 \times 60$$

...3

$$(H =) 3000 \text{ J}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(c) I bhFíor 7 taispeántar gaireas a úsáidtear chun go léireofaí an prionsabal ar a bhfuil an galbhánaiméadar luailchora bunaithe. Tá stiall alúmanaim ina luí go scaoilte idir phoil maighnéid mar a thaispeántar. Gabhann sruth leictreachais tríd an alúmanam nuair a dhúntar an lasc.

(i) Cad a fheictear nuair a dhúntar an lasc? 3
léimeann an stiall alúmanaim nó bogann sí suas (amach as an maighnéad) ...3
[(-1) mura dtugtar treo]

(ii) Breac síos an prionsabal a léirítear. 2×3
seoltóir a bhfuil sruth ag dul tríd i réimse maighnéadach ...3
braitheann sé fórsa ...3

(d) Tugann galbhánaiméadar luailchora, ina bhfuil friotaíocht inmheánach $150\ \Omega$, sraonadh lánsála $10\ \text{mA}$

(i) Ríomh friotaíocht an tseachróid atá ag teastáil chun go bhféadfadh an galbhánaiméadar sruthanna suas go dtí $2\ \text{A}$ a thomhas 2×3
 $I_1 R_1 = I_2 R_2 / 0.01 \times 150 = 1.99 \times R_2$...3
 $R_2 = 0.75\ \Omega$...3
[gan aonad ar bith nó aonad mícheart ...(-1)] [ríomh mícheart I_2 ...(-1)]

(ii) Conas is féidir friotóir á úsáid chun an galbhánaiméadar a thiontú ina voltmhéadar, atá ábalta voltais suas go thart ar $50\ \text{V}$ a léamh? 6 nó 2×3
iolraitheoir ...6
nó
friotóir (mór) / thart ar $4850\ \Omega$...3
i sraithcheangal ...3

Ceist 6

Freagair dhá chuid ar bith.

Ceist 6(a)

Sainaithin an fórsa tarraingteach a fheidhmíonn mais sa Chruinne ar gach mais eile.

3

fórsa (imtharraingthe)

...3

[ceadaítear domhantarraingt]

Scríobh cothromóid do mhéid an fhórsa seo i dtéarmaí an dá mhais agus an fhaid eatarthu.

6

$$F = \frac{GMm}{d^2}$$

...6

[cearnú fágtha ar lár ...(-3)] [suim in ionad toradh ...(-3)]

[glac le coibhneas idir g agus G / $g = \frac{GM}{d^2}$ i gcomhair ... (3)]

Mínigh conas atá meáchan ar dhromchla an Domhain ina shampla sonrath den fhórsa seo.

2×3

Is mais nó cáithnín amháin é an Domhan, is í an fhrithne ar an dromchla an dara mais nó cáithnín

...3

is é ga an Domhain an fad eatarthu

...3

nó

$$F = \frac{GMm}{d^2} = W / F = \frac{GMm}{d^2} = mg$$

...6

Tá mais 11,110 kg ag Spásteileascóp Hubble a thaispeántar i bhFíor 8. Is é ga an Domhain ná 6.4×10^6 m. Ríomh

(i) an meáchan a bhí ag an teileascóp ar dhromchla an Domhain sular lainseáladh é ar fithis,

3

($W = mg = 11110 \times 9.8 =$) 108878 N(iútan)

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(ii) mais an Domhain,

3×3

$$F = \frac{GMm}{d^2} = mg / \frac{GM}{d^2} = g$$

...3

$$\frac{6.67 \times 10^{-11} M}{(6.4 \times 10^6)^2} = 9.8 / \frac{6.67 \times 10^{-11} M \times 11110}{(6.4 \times 10^6)^2} = 108878$$

...3

($M =$) 6.0×10^{24} kg

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(iii) an luasghéarú de bharr dhomhantarraingt an Domhain ag fithis Hubble 541 km os cionn dhromchla an Domhain. 2×3

$$\frac{GM}{d^2} = g / \frac{6.67 \times 10^{-11} \times 6 \times 10^{24}}{(6.4 \times 10^6 + 541000)^2} = g$$

...3

($g =$) 8.3 m s^{-2}

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

Ceist 6(b)**(i) Cad is fótón ann?****3**

pacáiste nó aonad d'fhuinneamh solais

...3

[solas fágtha ar lár (-1)][fhuinneamh fágtha ar lár (-1)]

(ii) Cad is ea an iarmhairt fhótaileictreach?**2×3**

scaoileadh leictreon ó (dhromchla) miotail

...3

nuair a ionradaítear é le solas ultraivialait nó solas os cionn mhinicíocht áirithe nó solas de mhinicíocht áirithe

...3

Déan cur síos ar thurgnamh chun an iarmhairt fhótaileictreach a thaispeáint.**4×3**

píosa miotail atá díreach greanáilte / pláta Zn

...3

leictreascóp

...3

miotail ar chaipín leictreascóip arna shoilsiú le foinse solais de mhinicíocht oiriúnach / solas ultraivialait

...3

imphléascann leictreascóp luchtaithe go diúltach / eistréimníonn leictreascóp luchtaithe go deimhneach

níos mó / eistréimníonn leictreascóp nach bhfuil luchtaithe

...3

[tá marcanna ar fáil as léaráid shoiléir, lipéadaithe]

Baineadh úsáid as solas monacrómatach de thonnfhad 375 nm chun an iarmhairt fhótaileictreach a thaispeáint. Ríomh (iii) minicíocht an tsolais seo,**2×3**

$$c = f\lambda$$

...3

$$f = \frac{c}{\lambda} = \frac{3 \times 10^8}{375 \times 10^{-9}} = 8.0 \times 10^{14} \text{ Hz}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(iv) fuinneamh fótóin den solas seo.**2×3**

$$E = hf$$

...3

$$E = 6.626 \times 10^{-34} \times 8.0 \times 10^{14} = 5.30 \times 10^{-19} \text{ J}$$

...3

